DÁIL ÉIREANN

Déardaoin, 19 *Samhain*, 2020
Thursday, 19*th November*, 2020

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Déardaoin, 19 *Samhain*, 2020
Thursday, 19*th November*, 2020

10.30 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

22. Ráitis maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chomhrac.
Statements on Combatting Domestic, Sexual and Gender Based Violence.

23. Ráitis ón Aire ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le nuashonrú ar Obair na Roinne nua.
Statements by the Minister at the Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science on an update of the Work of the new Department.

15. Tairiscint *maidir le* Tuarascáil dar teideal "An Coiste Speisialta um Fhreagra ar Covid-19 – An Tuarascáil Deiridh".
Motion *re* Report entitled "Special Committee on Covid-19 Response – Final Report".

FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
NOTICE OF NEW BUSINESS

6*a*. An Bille um Brústocaireacht a Rialáil (Leasú), 2020 — An Chéad Chéim.
Regulation of Lobbying (Amendment) Bill 2020 — First Stage.

14. Meastacháin Fhorlíontacha i gcomhair Seirbhísí Poiblí [Vótaí 9 agus 38].
Supplementary Estimates for Public Services [Votes 9 and 38].

29*a*. An Bille Airgeadais, 2020 — Ordú don Tuarascáil.
Finance Bill 2020 — Order for Report.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí a thionscnamh : Initiation of Bills

Tabhairt Isteach:
Introduction:

6*a*. An Bille um Brústocaireacht a Rialáil (Leasú), 2020 — An Chéad Chéim.
Regulation of Lobbying (Amendment) Bill 2020 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le leasuithe ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 chun an míniú ar dhaoine lena mbaineann an tAcht a leathnú, chun a cheadú don Choimisiún ordacháin a sholáthar maidir le cumarsáid, chun socrú a dhéanamh go leagfar an Cód Iompair faoi bhráid an Oireachtais; do thabhairt cumhachtaí breise don Choimisiún chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe ar an gCód Iompair agus chun tuarascáil a thabhairt ar an gcéanna; chun an tréimhse mharana a fhadú go dtí dhá bhliain, chun raon feidhme alt 22 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 a leathnú agus do dhéanamh cion de mhainneachtain an t-alt sin a chomhlíonadh; dá chinntiú go mbeidh Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ar an eolas faoi oibleagáidí iarfhostaíochta; dá cheadú don Choimisiún mionsonraí áirithe a fhoilsiú maidir lena bhreitheanna an tréimhse mharana a tharscaoileadh nó a laghdú; do dhéanamh socrú maidir le clásal frithsheachanta a chur leis an liosta de sháruithe iomchuí, agus i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for amendments to the Regulation of Lobbying Act 2015, to extend the definition of persons to which the Act applies, to allow the Commission to provide directions on communication, to provide that the Code of Conduct be laid before the Oireachtas; to provide the Commission with further powers to investigate and report on breaches of the Code of Conduct; to extend the cooling-off period to two years, to extend the scope of section 22 of the Regulation of Lobbying Act 2015 and to make a failure to comply with that section an offence; to ensure that Designated Public Officials are aware of post-employment obligations; to allow the Commission to publish certain details regarding its decisions to waive or reduce the cooling-off; to provide for anti-avoidance clause be added to the list of relevant contraventions, and related matters.

—Pearse Doherty, Mairéad Farrell.

Fógraí Tairisceana : Notices of Motions

14. "Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí [2020]:

Vóta 9 — Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (Meastachán Forlíontach).

Estimates for Public Services [2020]:

Vote 9 — Office of the Revenue Commissioners (Supplementary Estimate).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €7,819,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2020, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí eile áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin.

That a supplementary sum not exceeding €7,819,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2020, for the salaries and expenses of the Office of the Revenue Commissioners, including certain other services administered by that Office.

Vóta 38 — Sláinte (Meastachán Forlíontach).

Vote 38 — Health (Supplementary Estimate).

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €514,500,000 chun íoctha an mhuirir a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2020, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Sláinte, agus le haghaidh seirbhísí eile áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

That a supplementary sum not exceeding €514,500,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2020, for the salaries and expenses of the Office of the Minister for Health, and certain other services administered by that Office, including grants to the Health Service Executive and miscellaneous grants."

—An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

---

15. "Go dtugann Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gCoiste Speisialta um Fhreagra ar Covid-19 dar teideal 'An Coiste Speisialta um Fhreagra ar Covid-19 – An Tuarascáil Deiridh', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 8 Deireadh Fómhair 2020'.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Special Committee on Covid-19 Response entitled 'Special Committee on Covid-19 Response – Final Report', copies of which were laid before Dáil Éireann on 8th October, 2020."

—Seán Mac Ambróis, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh, Richard Boyd Barrett, Brendan Griffin, Pádraig Mac Lochlainn, Mattie McGrath, Denis Naughten, Cian O'Callaghan, Marc Ó Cathasaigh, Thomas Pringle, Duncan Smith.

ORDUITHE AN LAE
ORDERS OF THE DAY

22. Ráitis maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chomhrac.
Statements on Combatting Domestic, Sexual and Gender Based Violence.

---

23. Ráitis ón Aire ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le nuashonrú ar Obair na Roinne nua.
Statements by the Minister at the Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science on an update of the Work of the new Department.

29*a*. An Bille Airgeadais, 2020 — Ordú don Tuarascáil.
Finance Bill 2020 — Order for Report.

SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA dTITHE
DOCUMENTS LAID BEFORE THE HOUSES[1]

Reachtúil	***Statutory***
Tairiscint Ceadaithe ag Teastáil	*Requiring Motion of Approval*
Níl aon scríbhinn á leagan faoin gCatagóir seo	None
In-neamhnithe le Tairiscint	*Open to Motion to Annul*
Níl aon scríbhinn á leagan faoin gCatagóir seo	None
Eile	*Other*
Greyhound Racing Operations Ireland Limited. Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019.	Greyhound Racing Operations Ireland Limited. Directors' Report and Financial Statements for the year ended 31st December, 2019.
Shelbourne Greyhound Stadium Limited. Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019.	Shelbourne Greyhound Stadium Limited. Directors' Report and Financial Statements for the year ended 31st December, 2019.
Abargrove Limited. Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019.	Abargrove Limited. Directors' Report and Financial Statements for the year ended 31st December, 2019.
Rásaíocht Con Éireann (Bord na gCon roimhe seo). Iontaobhas na hÉireann um Chúnna ar Scor. Tuarascáil na nIontaobhaithe agus na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019.	Rásaíocht Con Eireann (formerly Bord na gCon). Irish Retired Greyhound Trust. Trustees Report and Financial Statements for the year ended 31st December, 2019.
Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár doiciméadaithe gabhálacha le haghaidh an tuinnín ghoirm (Thunnus thynnus) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2020) 670.	Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council establishing a catch documentation programme for bluefin tuna (Thunnus thynnus) and repealing Regulation (EU) No. 640/2010 together with explanatory information note. COM (2020) 670.

[1] I gcás nach leagtar scríbhinn ach faoi bhráid aon Teach amháin, cuirfear (D) – Dáil nó (S) – Seanad ina diaidh dá réir sin.
Where a document is laid before one House only it will be appended with (D) – Dáil or (S) – Seanad accordingly.

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le hIarscríbhinní 1, 3, 4, 6, Codanna I, II agus III, 10, Imleabhair I agus II, 11, 14, Imleabhair I agus II, 15 agus 16, Imleabhair I, II agus III, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta agus ag Comhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i leith glacadh Leasuithe 46 agus 39 ar Iarscríbhinn 6, Codanna I agus II, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, a bhaineann le cur siar an cheanglais le haghaidh trealamh sa todhchaí le haghaidh taifeadán gutha cúig uair is fiche ó chró an phíolóta chun iarmhairtí neamhbheartaithe mar gheall ar theagmhas a bhaineann le paindéim COVID-19 a chosc mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

COM (2020) 649.

Proposal for a Council Decision on the position to be taken on behalf of the European Union in the International Civil Aviation Organization as regards notification of differences to Annexes 1, 3, 4, 6, Parts I, II and III, 10, Volumes I and II, 11, 14, Volumes I and II, 15 and 16, Volumes I, II and III, to the Convention on International Civil Aviation and in the Council of the International Civil Aviation Organization in respect of the adoption of Amendments 46 and 39 to Annex 6, Parts I and II, to that Convention, related to deferral of the future equipage requirement for 25-hour cockpit voice recorder (CVR) to avoid unintended consequences due to the COVID-19 contingency together with explanatory information note.

COM (2020) 649.

Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ). An Tuarascáil Bhliantúil, 2019.

Sustainable Energy Authority of Ireland (SEAI). Annual Report, 2019.

An Coimisiún um Rialáil Fóntais. An Tuarascáil Bhliantúil, 2019.

Commission for Regulation of Utilities. Annual Report, 2019.

Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman. An Tuarascáil Bhliantúil, 2019.

Waterford and Wexford Education and Training Board. Annual Report, 2019.

Ráiteas i dtaobh an gaolta iad na Comhairleoirí Speisialta, Pat Cullen agus Kieran Murphy, a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh mar Thiománaithe Sibhialta don Teachta Caitríona Ní Mháirtín, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis an sealbhóir oifige, nó an é a páirtnéir sibhialta ceachtar duine acu, de bhun alt 19(4) (c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

Statement as to whether Special Advisers, Pat Cullen and Kieran Murphy, who act or acted as Civilian Drivers to Deputy Catherine Martin, Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht Sport and Media, are a relative or a civil partner of the office holder, pursuant to section 19(4) (c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

Ráiteas i scríbhinn maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha (conradh) faoina ngníomhaíonn nó faoinar ghníomhaigh an Comhairleoir Speisialta, Pat Cullen, mar Thiománaí Sibhialta don Teachta Caitríona

Statement in writing of the terms and conditions (contract) under which Special Adviser, Pat Cullen, acts or acted as a Civilian Driver to Deputy Catherine Martin, Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht Sport

Ní Mháirtín, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le héifeacht ón 6 Iúil 2020, de bhun alt 19(4)(a) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

and Media, with effect from 6 July, 2020, pursuant to section 19(4)(a) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

Neamhreachtúil

Non-Statutory

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Muirí) (Leasú), 2020 (I.R. Uimh. 527 de 2020).

European Union (Marine Equipment) (Amendment) Regulations 2020 (S.I. No. 527 of 2020).

An Phríomh-Oifig Staidrimh. An Ráiteas Straitéise, 2020-2023.

Central Statistics Office. Statement of Strategy, 2020-2023.